

Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

Conas imeacht
uilechuimsitheach
a reáchtáil



Conference
on the Future
of Europe

Imeachtaí a bheidh ar siúl mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ba chóir go ndíreoidís ar smaointe na saoránach agus ar rannpháirtíocht ghníomhach na rannpháirtithe. Fiú más féidir dul i gcomhairle le saineolaithe chun an tsaincheist a leagan amach nó mar sheiceálaithe fíricí, níor cheart gur cruinniú saineolaithe ón mbarr anuas a bheadh ann; caithfidh sé a bheith intuigthe do dhaoine nach bhfuil cur amach acu ar dhíospóireachtaí poiblí agus ar an ábhar a bheidh á phlé.

Le gur féidir le daoine ó gach cearn den saol a bheith páirteach, **tá sé riachtanach go mbeadh d'imeacht chomh huilechuimsitheach agus is féidir. Dá mhéad éagsúlacht** i measc na rannpháirtithe, is amhlaidh is fearr é. Cuidíonn sé seo le tuilleadh smaointe a bhailiú a thugann léiriú níos fearr ar ár sochaithe ina n-iomláine, gan aon duine a fhágáil as an áireamh. Mar sin féin, b'fhéidir nár ghlac go leor daoine páirt in imeacht den sórt seo cheana agus b'fhéidir nach mbeadh taithí acu ar a bheidh bainteach le cinnteoireacht.

Tá **céimeanna simplí is féidir leat a thógáil roimh, le linn agus tar éis an imeachta** chun é a dhéanamh níos cuimsithí agus níos sothuigthe. Lean na leideanna agus na moltaí seo le cuidiú lena chinntiú go mbraitheann gach duine go bhfuil siad cuimsithe agus sábháilte chun páirt a ghlacadh i d'imeacht.

Roimh an imeacht

Más duine aonair nó grúpa beag thú

- Féach an féidir leat **dul i mbun oibre le daoine eile** a chabhróidh leat teacht ar dhaoine eile nó le hacmhainní don imeacht. D'fhéadfadh gur eagraíochtaí áitiúla iad seo a bhfuil baint aici le saincheist a bhaineann leis an imeacht nó a bhfuil teagmhálacha maithe acu laistigh den phobal áitiúil.
- **Sainaithe saincheistanna atá tábhachtach do dhaoine** agus ar féidir leo a phlé trí pháirt a ghlacadh san imeacht seo. Cad iad na hábhair a bhfuil baint acu le do cheantar áitiúil agus conas a bhaineann siad leis an leibhéal Eorpach?
- Déan **am agus áit** an imeachta **a oiriúnú** ag brath ar na daoine a theastaíonn uait a mhealladh. Más mian leat daoine óga a mhealladh, d'fhéadfadh sé a bheith tar éis na scoile in ionad áineasa nó i bpáirc spóirt.
- Má chuirtear iallach ort an t-imeacht a réachtáil **ar líne** mar gheall ar an bpaindéim reatha, déan iarracht é a úsáid mar dheis chun daoine a shroicheadh ó áiteanna níos faide i gcéin, b'fhéidir i dtír eile fiú.
- Bain triail as an **éifeacht liathróide sneachta** áit ar féidir leat díriú ar thriúr a mhealladh a dtugtar treoir dóibh chun triúr eile an duine a mhealladh ina dhiaidh sin.
- Spreag daoine chun **imeachtaí bailithe smaointe** a óstáil lena gcomharsana, a gcairde agus a dteaghligh, a gcomhghleacaithe agus a gcomhdhaltaí ranga. Más imeacht digiteach é, mol do rannpháirtithe dul isteach i d'imeacht físe le chéile óna seomraí ranga, oifigí nó seomraí teaghligh. D'fhéadfaí na himeachtaí beaga seo le grúpaí beag pearsanta a réachtáil fiú roimh d'imeacht féin ionas go mbeidh na rannpháirtithe cheana féin ag cur smaointe le chéile agus ag fiosrú faoi riachtanais na ndaoine timpeall orthu.

- Tá sé tábhachtach go gcuirfí na **rannpháirtithe ar an eolas faoina bhfuiltear ag súil leis uathu** má roghnaíonn siad páirt a ghlacadh san imeacht. Mar eagraí an imeachta, ní mór duit a chinntiú go gcuirtear na coinníollacha maidir lena rannpháirtíocht i láthair ar bhealach atá furasta don uile dhuine a thuiscint. Dá mhéad a bheidh ar eolas acu faoin bpróiseas, is ea is dóichí a bheidh sé go mbeidh suim acu páirt a ghlacadh!

Más cuid d'eagraíocht tú / má tá níos mó acmhainní ar fáil duit

- **Mapáil amach do phobal** nó líonra áitiúil chun tuiscint a fháil ar cé a mheallfaí go héasca agus cé a bheadh deacair a mhealladh.
- Is féidir gurbh fhiú dul chun cainte le **cúpla duine nó cúpla eagraíocht for-rochtana lárnacha** a bhfuil teagmhálaithe acu leis an bpobal a theastaíonn uait a mhealladh. Mar shampla, daoine óga atá in ann teagmháil a dhéanamh le daoine óga eile nó le heagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn i gcomharsanachtaí díothacha.
- Déan iarracht a **bheith san áit a bhfuil na daoine a theastaíonn uait a mhealladh**, bíodh sé ar na meáin shóisialta, cearnóg an bhaile áitiúil nó i scoileanna, mar shampla.
- Foghlaim **riachtanais na rannpháirtithe**. Mar shampla, i dtéarmaí inrochtaineachta, déan iarracht a chinntiú go bhfuil an spás atá á úsáid agat le haghaidh na n-imeachtaí furasta a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le daoine nach bhfuil na hacmhainní acu chun achar fada a thaisteal. Má tá leanaí nó gaolta cleithiúnacha ag duine, b'fhéidir go mbeadh orthu imeacht ar feadh tamaill le linn imeachtaí nó bualadh le chéile ag amanna ar leith i rith an lae.
- Smaoinigh ar **shaincheisteanna** a bhféadfadh a bheith bainteach le daoine nach furasta a mhealladh agus cad a spreagfadh iad lena gcuid ama a chaitheamh ag imeacht mar seo.

Braithfidh rath na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar lucht eagraithe imeachtaí, cosúil leatsa, a chinnteodh go spreagfar daoine faoi mhíchumas agus go gcuirfear ar a gcumas páirt a ghlacadh in imeachtaí pearsanta agus ar líne.

Imeachtaí pearsanta

- Bí cinnte go bhfuil slí isteach i d'ionad do chathaoireacha rothaí -- idir dhoras isteach, seomra cruinnithe agus seomraí folctha. Agus leagan amach do sheomra á phleanáil agat, déan cinnte go bhfuil na pasáistí leathan go leor do chathaoireacha rothaí. Déan cinnte go bhfuil spásanna páirceála curtha i leataobh d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.
- Bíodh duine éigin ar fáil chun cabhrú le daoine agus chun iad a thionlacan timpeall ar spásanna móra.
- Cuir léirmhíniú teanga chomharthaíochta ar fáil.
- Cloígh leis na treoirínte ón bhFóram Eorpach um Míchumas:
https://www.edf-feph.org/content/uploads/2020/12/edf_guide_for_accessible_meetings_1.pdf¹

¹ Tá an doiciméad ar fáil i mBéarla.

Imeachtaí ar líne

- Déan cinnte go bhfuil an tseirbhís atá á húsáid agat chun an imeacht fíorúil a óstáil comhoiriúnach le teicneolaíocht chúnata cosúil le léitheoirí scáileáin agus go gcuireann sé ar chumas rannpháirtithe glaoc isteach ar an bhfón. Ba cheart go gceadódh sé éisteacht/labhairt ar ríomhaire agus éisteacht/labhairt ar fhón.
- Cuir treoracha mionsonraithe céim ar chéim ar fáil maidir le conas logáil isteach san imeacht agus conas an t-ardán a úsáid. Déan seisiúin oiliúna a thairiscint roimh an imeacht.
- Déan cinnte go bhfuil clónna furasta le léamh agus go bhfuil an téacs mór agus go bhfuil codarsnacht mhaith dathanna leis. Seachain béarlagair agus ná glac leis go bhfuil gach eolas ag an lucht éisteachta ar an ábhar.
- Cloígh leis na treoirlínte ón bhFóram Eorpach um Míchumas: <https://www.edf-feph.org/web-accessibility-resources/>²

Le linn an imeachta

NB: féach freisin an fhormaid a mholtar sa treoir maidir le conas imeacht a eagrú.

Tosaigh trí thimpeallacht shábháilte a chruthú le haghaidh plé torthúil

- Bealach chun timpeallacht shábháilte agus urramach a chruthú do na rannpháirtithe go léir is ea **treoirlínte comhchoiteanna d'imeachtaí** a chruthú le chéile, ón tús. D'fhéadfadh rialacha a bheith sna treoirlínte maidir le conas ar chóir do dhaoine iad féin a iompar i leith a chéile, easaontú go measúil agus riachtanais agus tuairimí gach duine a chur san áireamh, agus do ról an mhodhnóra / na modhnóirí.
- Má théitear i mbun díospóireachtaí, má dhírítear ar dhuine amháin nó má thagann coinbhleachtaí eile chun cinn, is féidir leat dul ar ais i gcónaí chuig na **treoirlínte a chomhaontaítear go frithpháirteach**.

Déan cinnte go ndéanann tú an plé a mhodhnú ar bhealach uilechuimsitheach agus inrochtana

- Is mór an chabhair duit modhnóir gairmiúil a bheith i láthair mar is feidhm íogair í a chomhlíonadh.

² Tá an suíomh gréasáin ar fáil i mBéarla.

- Molaimid idirdhealú a dhéanamh idir **cathaoirleach** an imeachta agus an **modhnóir**, mar is gá breathnú ar an duine seo mar dhuine atá neodrach agus neamhspleách ar an eagraí, agus é de chúram uirthi/air a chinntiú go bhfaigheann gach duine deis cainte.
- Má bhíonn sé deacair ar dhaoine smaointe a thairiscint, cuidigh leo trí fhiafraí díobh ar dtús cad iad na saincheistanna a thug siad faoi deara faoin **ábhar cainte ina saol féin**. Ansin fiafraigh díobh cad iad na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ar na fadhbanna sin.
- Nuair nach mbíonn taithí ag daoine ar a dtuairim a thabhairt nó ar fhreastal ar imeachtaí rannpháirtíochta den sórt sin, féadfaidh sé tamall a thógáil dóibh moltaí nithiúla a chur le chéile, mar sin **lig dóibh an t-am sin a aimsiú**.
- Má tá an t-am ann chuige, roinn téamaí plé na ngrúpaí i **bhfo-ábhair atá níos soláimhsithe**. Tríd an topaic a bhriseadh ina mhíreanna tugtar níos mó spáis do dhaoine chun smaoinemh ar an tionchar atá ag na saincheistanna seo ar a saol, agus moltaí agus réitigh a fháil,
- Féadfaidh tú a iarraidh ar dhaoine iad féin a roinnt ina **ngrúpaí bunaithe ar ábhair chainte**. Déan iarracht a **chinntiú go bhfuil na grúpaí éagsúil**, chun a chinntiú go dtagann moltaí cothromaithe ó gach grúpa. Le linn an imeachta, is é aidhm gach grúpa moladh amháin ar a laghad a fhorbairt a chuirfidh siad i láthair an ghrúpa iomláin. Cuir deireadh leis an seisiún trí ligean do na grúpaí uile aiseolas a thabhairt ar mholtaí a chéile.

Tar éis an imeachta

- **Inis do na rannpháirtithe conas a bheartaíonn tú an tuarascáil a scríobh.** Tá dhá rogha ann: (1) déanann an lucht eagraithe an tuarascáil a dhréachtú ach seoltar é chuig na rannpháirtithe uile le spriocdháta le haghaidh tráchtai; (2) dréachtaítear an tuarascáil díreach tar éis an chruinnithe le cabhair ó (ghrúpa beag) de rannpháirtithe deonacha.
- Mar obair leantach ar an imeacht, **spreag daoine chun an tuarascáil ar ardán na Comhdhála a léamh**, leanúint leis an díospóireacht trí bheith i dteagmháil trí ardán na Comhdhála, agus trí smaointe nua a mholadh nó trácht ar mholtaí daoine eile. Iarr orthu freisin an focal a scaipeadh agus labhairt faoina dtaithe le teaghlach agus le cairde.
- Déan cinnte go scríobhtar tuairiscí i **bhfocail shoiléire** atá intuigthe dóibh siúd go léir a ghlac páirt san imeacht, ionas go bhfeicfidh siad a gcuid smaointe á léiriú ansin.
- Féadfaidh tú suirbhé a chur ar bun chun **aiseolas ar an imeacht a fháil ó rannpháirtithe**, agus é seo a chur san áireamh i do thuairisc. Ná déan dearmad ceist a chur san áireamh maidir le hinrochtaineacht agus uilechuimsitheacht.